**RABHADH**
**CAITHFEAR an ceistpháipéar seo a thabhairt ar ais le do fhreagarleabhar ag deireadh an scrúdaithe, nó caillfear marcanna.**

Scríobh do Scrúduimhir anseo: ☞

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2012

## GNÓ – GNÁTHLEIBHÉAL
**(400 marc)**

**DÉARDAOIN, 14 MEITHEAMH 2012 – MAIDIN 9.30 –12.00**

**FREAGAIR**

**(A)** **Deich** gceist as **ROINN 1**

**AGUS**

**(B)** **Ceithre** cheist as **ROINN 2 mar a leanas:**

Ceist **amháin** as **Cuid 1** agus
**Dhá** cheist as **Cuid 2** agus
Ceist **amháin** eile as **Cuid 1** nó **Cuid 2**.

**Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.**

| Ceist | Marc |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |
| 11 | |
| 12 | |
| 13 | |
| 14 | |
| 15 | |
| Iomlán | |

**Ceadaítear áireamháin a úsáid.**
**Déanamh agus Múnla an Áireamháin a Úsáideadh:**

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A CHUR AR AIS I dTEANNTA AN FHREAGARLEABHAIR A ÚSÁIDTEAR CHUN CUID 2 A FHREAGAIRT**

# ROINN 1
**(100 marc)**

## CEISTEANNA GEARRFHREAGRA

**Freagair 10 gceist. Tá 10 marc ag gabháil le gach ceist. Cuir an ceistpháipéar seo ar ais in éineacht le do fhreagarleabhar, le do thoil.**

**1.** Cad dó a seasann na litreacha seo a leanas? (Scríobh gach freagra sa spás cuí.)

| | |
|---|---|
| CBL (VAT) | |
| CCO (LRC) | |
| BCE (ECB) | |

**2.** **(a)** Mínigh an téarma 'fostóir'.

______________________________

______________________________

______________________________

**(b)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** fhreagracht atá ar fhostóir:

(i) ______________________________

(ii) ______________________________

**3.** Léiríonn an phíchairt seo a leanas sliocht as an gcaiteachas atá beartaithe ag an Rialtas.

(i) Liostaigh **dhá** shampla de Chaiteachas Rialtais ar Shláinte:


Sampla 1:

______________________________

Sampla 2:

______________________________

**Caiteachas Rialtais (€ bn)**




(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis atá leis an leibhéal ard caiteachais ar Choimirce Shóisialta / Leasa Sóisialta:

Cúis 1: ______________________________

______________________________

Cúis 2: ______________________________

______________________________

**4.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann gnólacht as córas maith rialaithe stoic:

Buntáiste 1: ______________________________________________

______________________________________________

Buntáiste 2: ______________________________________________

______________________________________________

**5.** Tá an t-eolas seo a leanas ar fáil ó chuntais deiridh Navona Tta:

| | |
|---|---|
| Díolacháin | €420,000 |
| Brabús Comhlán | €84,000 |
| Brabús Glan | €31,500 |

Ríomh:

(i) Corrlach an Bhrabúis Chomhláin

**Freagra:** __________%

(ii) Corrlach an Bhrabúis Ghlain

**Freagra:** __________ %

Oibrithe

**6.** Comhlánaigh na Tosca Táirgthe atá ar iarraidh.

| | | | |
|---|---|---|---|
| | SAOTHAR | | FIONTRAÍOCHT |

**7.** Tabhair breac-chuntas ar an tuiscint atá agat ar 'Gnólacht Domhanda' agus tabhair sampla **amháin**.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

Sampla: ______________________________________________

**8.** Scríobh FÍOR nó BRÉAGACH i ndiaidh gach aon cheann de na ráitis seo a leanas:

| | **Ráiteas** | **Fíor nó Bréagach** |
|---|---|---|
| 1. | Tugtar díbhinn ar scair na mbrabús a fhaigheann Scairshealbhóir. | |
| 2. | Is sampla d'airgeadas gearrthéarmach é Fruilcheannach. | |
| 3. | Is sampla d'airgeadas fadtéarmach é Creidmheas Trádála. | |
| 4. | Tagraíonn príobháidiú d'fhiontair faoi úinéireacht stáit a bheith á ndíol ag an Rialtas le hinfheisteoirí príobháideacha. | |
| 5. | Gearrtar ús má bhaintear leas as Rótharraingt Bhainc. | |

**9.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** thréith a bhaineann le ceannaire uathlathach:

(i) ______________________________

(ii) ______________________________

10. Is liosta de théarmaí gnó atá i gcolún 1. Is liosta de mhíniúcháin ar na téarmaí sin atá i gcolún 2. (**Tá míniúchán amháin ann nach féidir a mheaitseáil le haon téarma díobh.**)

| Colún 1: Téarmaí Gnó | Colún 2: Míniúcháin | |
|---|---|---|
| **1.** Margaíocht Tástála | A. | Teicníocht chun teacht ar smaointe nua do tháirgí. |
| **2.** Forbairt Fréamhshamhla | B. | Rud a dhéantar chun a fheiceáil an féidir táirge a dhéanamh ar chostas réasúnta. |
| **3.** Ransú Smaointe | C. | Tá ioncam gnólachta cothrom lena chaiteachas. |
| **4.** Staidéar Indéantachta | D. | Gné a dhealaíonn táirge óna chuid iomaitheoirí. |
| **5.** Pointe Meá ar Mheá | E. | 'Samhail' nó sampla de tháirge a dhéanamh. |
| | F. | Déantar táirge nua a thriail ar chuid bheag den mhargadh chun aiseolas agus freagairt a fháil. |

Déan an dá liosta a mheaitseáil. Cuir an litir a bhaineann leis an míniúchán ceart faoin uimhir chuí thíos.

| **1.** | **2.** | **3.** | **4.** | **5.** |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

**11.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis le dífhostú cóir agus **dhá** chúis le dífhostú éagórach faoi na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach 1977-2007:

Cóir:

(i) ______________________________

(ii) ______________________________

Éagórach:

(i) ______________________________

(ii) ______________________________

**12.** Dréachtaigh, agus úsáid á baint agat as dáta an lae inniu, Meamram ó Jennifer Nic an Rí, Stíobhard Ceardlainne, chuig gach ball den cheardchumann ag insint dóibh faoi chruinniú brainse de chuid an cheardchumainn a bheidh ar siúl ar an Luan 18 Meitheamh 2012 chun iomarcaíochtaí atá beartaithe a phlé.

**MEAMRAM**

Chuig: ____________________

Ó: ____________________

Dáta: ____________________

Maidir le: ____________________

Síniú: ____________________ Teideal: ____________________

**13.** Is sampla de shaincheadúnas Éireannach é mearbhia Supermac's.

Mínigh an téarma 'saincheadúnas' agus luaigh buntáiste **amháin** a bhaineann le saincheadúnas mar chineál úinéireachta gnó.

____________________

____________________

Buntáiste: ____________________

____________________

**14.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann gnólacht as Réamhaisnéis faoi Shreabhadh Airgid a ullmhú:

(i) ____________________

____________________

(ii) ____________________

____________________

**15.** Liostaigh **trí** mhodh cumarsáide seachtraí a úsáidtear sa ghnó:

(i) ____________________

(ii) ____________________

(iii) ____________________

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR**

# ROINN 2

**(300 marc)**

Freagair **ceithre** cheist as ROINN 2 mar seo a leanas:
Ceist **amháin** as **Cuid 1** agus
**Dhá** cheist as **Cuid 2** agus
Ceist **amháin** eile as **Cuid 1** nó **Cuid 2**.

# CUID 1

## DAOINE SA GHNÓ

### CEIST 1

*Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna a leanas:*

*Chonaic Seosamh fógra sa nuachtán áitiúil do charr athláimhe a bhí ar díol i nGaráiste Uí Mhuirí. Dúirt sé san fhógra go raibh an carr ceithre bliana d'aois agus nach raibh ach 32,000 ciliméadar ar an gclog. Chuaigh sé ag féachaint ar an gcarr, labhair sé le Micheál, úinéir an gharáiste, agus thug sé an carr ar thuras trialach. D'aontaigh siad phraghas € 9,000 agus shínigh siad na doiciméid ábhartha ar fad.*

**Garáiste Uí Mhuirí**

CARR 4 BLIANA
D'AOIS
LE DÍOL

32,000 Ciliméadar

GAN AIR ACH €9,000

**(A)** Rinne Seosamh agus Micheál conradh. Cad is conradh ann? (10 marc)

**(B)** Is míreanna de chonradh bailí iad Tairiscint, Glacadh, Comaoin agus Toiliú le Conrú.

Mínigh **trí** cinn ar bith de na míreanna sin. Léirigh do fhreagra le tagairt don téacs thuas.

(25 mharc)

**(C)** Is féidir deireadh a chur le conradh le <u>Comhlíonadh</u> nó le <u>Dírathú</u>.
Mínigh na téarmaí a bhfuil líne fúthu. (15 mharc)

*Trí seachtaine ina dhiaidh sin tháinig Oilibhéar, deartháir Sheosaimh, ar meicneoir cáilithe é, ar ais go hÉirinn ar saoire ó na Stáit Aontaithe.*
*Rinne sé seiceáil ar charr Sheosaimh agus fuair sé amach go raibh an léamh mícheart ar an gclog agus go raibh 62,000 ciliméadar taistealta ag an gcarr i ndáiríre.*
*Chuaigh Seosamh ar ais chuig Garáiste Uí Mhuirí chun gearán a dhéanamh faoin léamh mícheart a bheith ar an gclog, ach ní bhfuair sé aon sásamh. Shocraigh sé dul i dteagmháil leis an nGníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí.*

national consumer agency
an ghníomhaireacht náisiúnta do thomhaltóirí

**(D)** (i) Mínigh an chaoi ar bhris Garáiste Uí Mhuirí téarmaí an Achta um Chosaint Tomhaltóirí, 2007. (10 marc)

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** fheidhm atá ag an nGníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí. (15 mharc)

**(75 mharc)**

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR**

## AN TIMPEALLACHT INTÍRE

### CEIST 2

*Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna seo a leanas.*

**GLÉASRA GRIANDA TTA**

*Bhunaigh Caoimhín Mac Giolla Phádraig, SB (MD i mBéarla) ) agus a bheirt deartháireacha Gléasra Grianda Tta sa Chill Dubh, a mbaile dúchais, chun painéil ghréine a tháirgeadh d'fhoirgnimh phríobháideach agus d'fhoirgnimh thráchtála. D'aithin siad éileamh breise sa mhargadh d'fhoinsí in-athnuaite fuinnimh. Fuair siad Deontas Rialtais de €90,000 chun cabhrú le bunú an ghnólachta. Creideann Caoimhín go láidir gur chóir an gnó a rith ar bhealach eiticiúil, agus tá súil aige go gcinnteoidh sé seo go mbeidh rath air san earnáil seo.*

**(A)** Cad dó a seasann na litreacha SB? Luaigh feidhm **amháin** atá ag SB. (10 marc)

**(B)** Is dhá bhuntáiste iad 'Dliteanas Teoranta' agus 'Leanúnachas Gnó' a bhaineann le Cuideachta Phríobháideach Theoranta. Mínigh na téarmaí sin a bhfuil líne fúthu. (20 marc)

**(C)** Déan cur síos ar **dhá** bhuntáiste atá á bhfáil ag baile na Cille Duibhe toisc gur bhunaigh na deartháireacha Mhic Giolla Phádraig Gléasra Grianda Tta. (20 marc)

**(D)** Mínigh an téarma 'Deontas' agus luaigh buntáiste **amháin** a bhaineann le deontas mar fhoinse airgeadais. (10 mharc)

**(E)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhealach inar féidir le Gléasra Grianda Tta feidhmiú go heiticiúil i leith a gcuid custaiméirí. (15 mharc)

**(75 mharc)**

## TIMPEALLACHT INTÍRE / IDIRNÁISIÚNTA

### CEIST 3

*Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna a leanas.*

*Tá fás de beagnach 12% tagtha ar onnmhairí/easpórtálacha atá bunaithe ar thalmhaíocht na hÉireann. Léiríonn sin an tábhacht a bhaineann leis an earnáil seo do gheilleagar na hÉireann.*

| | |
|---|---|
| Onnmhairí/Easpórtálacha Sofheicthe | €1,400 milliún |
| Allmhairí/Iompórtálacha Sofheicthe | €1,200 milliún |

**(A)** (i) Bain úsáid as an eolas thuas agus ríomh **Comhardú na Trádála**. (Taispeáin do chuid oibre.)
(ii) Luaigh cé acu barrachas nó easnamh atá ann. (15 mharc)

**(B)** (i) Mínigh an téarma 'onnmhaire/ easpórtáil shofheicthe'
(ii) Ainmnigh **dhá** shampla d'onnmhairí/d'easpórtálacha sofheicthe i dtalmhaíocht na hÉireann. (15 mharc)

**(C)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann gnó na hÉireann as a bheith gníomhach sa Trádáil Idirnáisiúnta. (15 mharc)

**(D)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** shlí a dtéann ísliú rátaí morgáiste i bhfeidhm ar theaghlaigh in Éirinn. (15 mharc)

**(E)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** shlí a dtéann ardú ar an ráta CBL ó 21% go 23% i bhfeidhm ar mhiondíoltóirí in Éirinn. (15 mharc)

**(75 mharc)**

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR**

# CUID 2

## FIONTRAÍOCHT/BAINISTÍOCHT

### CEIST 4

*Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna a leanas.*

***Ráth Naoi a Athnuachan***

*Tá muintir Ráth Naoi tar éis teacht le chéile chun feachtas a thosú le Ráth Naoi a Athnuachan. Tá mórán gnóthaí i ndiaidh dúnadh de bharr dífhostaíocht ard agus titim i líon na dturasóirí. Tá an baile suite i gceantar ardscéimhe agus creideann na daoine go bhféadfaí feidhm níos fearr a bhaint as foirgnimh nach bhfuil in úsáid agus as na conairí siúil áitiúla chun turasóirí a mhealladh. Tá coiste bunaithe acu faoi cheannaireacht an Chathaoirligh, Mairéad Ní Loingsigh, agus an rúnaí, Dónall Ó Ceallaigh, chun an feachtas a phleanáil. Tá siad meáite ar a mbaile a fheabhsú agus níos mó gnó agus níos mó turasóireachta a mhealladh chuig an gceantar. Tionólfar cruinniú coiste go luath.*

**(A)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** cinn de scileanna/thréithe fiontraíochta is gá chun go n-éireodh leis an bplean seo. (15 marc)

**(B)** Úsáid dáta an lae inniu agus dréachtaigh an Fógra **agus** an Clár don chéad chruinniú de Choiste Athnuachana Ráth Naoi. (Ba chóir go mbeadh ar a laghad **ceithre** mhír ar an gClár.) (25 mharc)

**(C)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann le cruinnithe mar mhodh cumarsáide. (10 marc)

**(D)** Déan cur síos ar **dhá** fheidhm atá ag an gCathaoirleach ag cruinniú. (10 marc)

**(E)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhainfidh Coiste Athnuachana Rath Naoi as pleanáil. (15 mharc)

**(75 mharc)**

## BAINISTÍOCHT

### CEIST 5

*Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna a leanas.*

*Oibríonn Elaine Nic Craith mar Mheasúnóir do Insure2Bsure Tta. Ina cuid oibre, bíonn uirthi éilimh na gcustaiméirí a phróiseáil agus cinneadh a dhéanamh maidir le cúiteamh.*

*Tuilleann sí €32,000 sa bhliain mar Phá Comhlán. Íocann sí ÍMAT ar an ráta caighdeánach de 20%. Glac leis go bhfuil ÁSPC ar 4% agus go bhfuil an Muirear Sóisialta Uilíoch (USC) ar 3%. Ríomhtar an dá cheann acu ar a pá comhlán. Is é an Creidmheas Cánach bliantúil atá aici ná €3,600.*
*Tá Elaine ag smaoineamh ar charr a cheannach. Teastaíonn airgeadas uaithi agus ní féidir léi cinneadh a dhéanamh idir Iasacht Théarmach agus Léasú.*

**(A)** Mínigh na **trí** théarma a bhfuil líne fúthu. (15 mharc)

**(B)** Mínigh **dhá** cheann de na Prionsabail Árachais a leanas agus tabhair sampla **amháin** i n**gach** cás:
- (i) Leas Inárachais
- (ii) Slánaíocht
- (iii) Meon Lánmhaith (15 mharc)

**(C)** Mínigh na téarmaí árachais: (i) Éileamh (ii) Cúiteamh (10 marc)

**(D)** Déan an Pá Glan Bliantúil a thugann Elaine abhaile léi a ríomh. (20 marc)

**(E)** Roghnaigh Iasacht Théarmach **nó** Léasú agus tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann leis an bhfoinse airgeadais a roghnaíonn tú. (15 mharc)

**(75 mharc)**

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR**

## BAINISTÍOCHT

### CEIST 6

*Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna a leanas.*

# Uisce Geal

*Chuir an Stór Ilrannach 'Uisce Geal' córas nua TF (IT) isteach chun a gcuid díolachán a rianú.*

*D'eagraigh Deirdre Nic Dhiarmada, Bainisteoir Acmhainní Daonna 'Uisce Geal', oiliúint le haghaidh fhoireann na ndíolachán chun an córas nua a úsáid.*
*Chomh maith leis sin, d'eagraigh Deirdre an fhoireann díolacháin ina mbuíonta agus faigheann siad bunphá, coimisiún agus sochar comhchineáil.*

**(A)** Mínigh **dhá** cheann de na feidhmeanna seo a leanas a bhaineann leis an bpost atá ag Deirdre mar Bhainisteoir Acmhainní Daonna:

(i) Oiliúint agus Forbairt

(ii) Earcú agus Roghnú

(iii) Caidreamh idir an Fostóir agus na Fostaithe (20 marc)

**(B)** Bíonn ar Dheirdre Jabthuairisc a ullmhú nuair a bhíonn sí ag earcú baill foirne nua.
Tabhair breac-chuntas ar **thrí** rud a bhíonn san áireamh i Jabthuairisc. (15 mharc)

**(C)** Mínigh na téarmaí 'Coimisiún' agus 'Sochar Comhchineáil' **agus** léirigh do fhreagra le sampla **amháin** de gach ceann díobh. (15 mharc)

**(D)** Mínigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le hobair bhuíne (obair foirne). (10 marc)

**(E)** Léirigh **trí** úsáid eile a bhainfeadh an Stór Ilrannach 'Uisce Geal' as Teicneolaíocht Faisnéise.
(15 mharc)

**(75 mharc)**

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR**

## GNÓ I nGNÍOMH

## CEIST 7

*Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna a leanas.*

*Tá Ruairí Ó Broin, príomhchócaire oilte, ag smaoineamh ar a ghnó bia féin a bhunú. Níl aon taithí ghnó aige. Mar sin, chuaigh sé chuig a chara Sorcha Ní Dhoinn, céimí gnó, chun comhairle a fháil maidir le tionscnamh gnó. Tá sé ag iarraidh a fháil amach cad iad na roghanna airgeadais atá aige, cén cineál próiseas táirgthe ba chóir dó a úsáid agus cén struchtúr eagraíochta ab oiriúnaí. Is mian leis spriocmhargadh a aithint freisin.*

**(A)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis ar chóir Plean Gnó a ullmhú. (10 marc)

**(B)** Mínigh **trí** thoisc ba chóir do Ruairí a bhreithniú sula roghnaíonn sé foinse airgeadais. (15 mharc)

**(C)** Mínigh na roghanna táirgthe seo a leanas agus tabhair sampla **amháin** i ngach cás.

(i) Jabtháirgeadh

(ii) Baisctháirgeadh. (15 mharc)

**(D)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** riosca agus ar **dhá** luach saothair a bhaineann le gnó a bhunú mar Thrádálaí Aonair. (20 marc)

**(E)** (i) Mínigh an téarma ‘spriocmhargadh’.

(ii) Ainmnigh **dhá** spriocmhargadh a d’fhéadfadh Ruairí a chur san áireamh. (15 mharc)

**(75 mharc)**

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR**

## GNÓ I nGNÍOMH

### CEIST 8

*Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna a leanas.*

**Aislingí Milse Tta**

*Is déantóir mór seacláide agus milseogra é Aislingí Milse Tta, atá lonnaithe í mBaile Átha Cliath ó 1997 anall. Déanann an chuideachta taighde margadh ar bhonn leanúnach chun a chinntiú go gcoinníonn sí a háit sa mhargadh dá branda féin.*

**(A)** Mínigh Taighde Allamuigh agus Taighde Deisce agus tabhair sampla **amháin** i ngach cás. (20 marc)

**(B)** (i) Mínigh an chiall atá leis an téarma 'Bealaí Dáileacháin'.

(ii) Léirigh, agus tú ag úsáid léaráide, bealach dáileacháin a bheadh oiriúnach d'Aislingí Milse Tta. (15 mharc)

**(C)** Déan cur síos ar **dhá** mhodh chun Tionscnamh Díolacháin a dhéanamh a d'fhéadfadh Aislingí Milse Tta a úsáid chun díolacháin a mhéadú. (10 marc)

**(D)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** thoisc nach mór d'Aislingí Milse Tta a chur san áireamh nuair a bhíonn siad ag socrú phraghas a gcuid táirgí. (15 mharc)

**(E)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** bhuntáiste atá i mbrandáil d'Aislingí Milse Tta. (15 mharc)

**(75 mharc)**

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR**

Leathanach Bán